

Comhaltachtaí Taighde

Sonrúchán na gComhaltachtaí Taighde PhD (2013-16)

Tá líon teoranta comhaltachtaí lánaimseartha taighde á dtairiscint ag FIONTAR i réimse na téarmeolaíochta agus na foclóireachta Gaeilge. Beidh na comhaltaí taighde ag obair i bpáirt le meitheal na dtionscadal taighde atá á bhforbairt ag Fiontar: focal.ie, logainm.ie, ainm.ie, duchas.ie, na téarmaí Gaeilge ar iate.europa.eu agus acmhainní téarmaí dlí atá á dtiomsú as foinsí éagsúla.

Féadfar ábhar taighde a mholadh in aon mhór-réimse díobh seo thíos. Ábhair shamplacha amháin a luaitear leis seo:

- (i) Téarmeolaíocht na Gaeilge, cuir i gcás:
- foclóir nua a fhorbairt i sainréimse ar leith;
 - taighde a thionscnamh i réimse den téarmaíocht dhúchais;
 - staidéar comparáideach idirnáisiúnta ar mhodheolaíochtaí téarmeolaíochta;
 - staidéar ar ionphlandú téarmaíochta in earnáil áirithe, eg. na meáin.
- (ii) Foclóireacht na Gaeilge, cuir i gcás:
- staidéar ar fhocalstór a bhainfeadh le réigiún *nó* le sainréimse *nó* le cnuasach foinsí ar leith;
 - staidéar ar ghné d'fhocalstór na teanga dúchais *nó* taighde a dhéanamh ar na patrúin chainte is bisiúla i gceantair Ghaeltachta *nó* i measc buíonta eile (aoisghrúpaí, ceantair etc.)
- (iii) Seanfhocail na Gaeilge, cuir i gcás:
- tiomsú/anailís ar chorpas seanfhocal na Gaeilge *agus/nó* staidéar comparáideach idirnáisiúnta a dhéanamh ar an ábhar seo.

Ní liosta cuimsitheach é sin thuas agus cuirfear fáilte roimh mholtaí eile.

Is fiú €16,000 sa bhliain na comhaltachtaí seo. Íocfaidh Fiontar na táillí clárúcháin freisin. Tréimhse 3 bliana (ag tosú Meán Fómhair 2013) a bheidh i gceist. Ní mór an próiseas deimhnithe ar an gclár PhD a chur i gcrích go sásúil i ndeireadh bhliain 1. Beidh na comhaltaí lonnaithe in Fiontar, DCU, ar bhonn lánaimseartha.

Riachtanais

Bunchéim onóracha sa Nua-Ghaeilge (2:1 ar a laghad i ngné na Nua-Ghaeilge) móide céim mháistreachta i réimse cúí. Fáilteofar roimh iarratais ó mhic léinn atá ag gabháil de Chlár MA faoi láthair ach a gcuid scrúduithe go léir a bheith i gcrích faoi 31 Bealtaine 2013.

Próiseas Iarratais

Ba chóir d'iarrthóirí CV a chur ar fáil mar aon le ráiteas gearr (faoi bhun 500 focal) faoi na cúiseanna ar mhaith leo tabhairt faoin taighde.

Is gá ainmneacha beirt mholtóirí acadúla a sheoladh chuig Fiontar ar fhoirmeacha a chuirfear ar fáil chuige sin. **Níor chóir iarraidh ar mholtóirí iad a líonadh isteach.** Pléifidh Fiontar an cheist sin leo ar ball.

Ba chóir tras-scríbhinn de thorthaí deiridh na bunchéime a chur ar fáil mar aon le torthaí na hiarchéime (má tá siad ar fáil).

Ba chóir plean taighde a sholáthar freisin (uasmhéid 2,000 focal) ina sonrú (i) an cheist taighde; (ii) an mhodheolaíocht; (iii) plean sonracha ina luaitear tascanna agus sceideal ama; (iv) liosta gearr na bpríomhfhoinsí.

Ba chóir saothar scríofa críochnaithe amháin a rinneadh cheana a chur ar fáil mar shampla d'obair taighde, eg. miontráchtas nó aiste taighde.

Is gá d'iarthóirí coinne a eagrú le Fiontar roinnt seachtainí roimh an spriocdháta chun breis eolais a fháil agus ábhar iarratais a phlé.

Spriocdháta deiridh chun iarratas iomlán a aighniú: 17 Bealtaine 2013.

Ina theannta sin, cuirfidh Fiontar fáilte ar bhonn leanúnach roimh iarthóirí taighde iarchéime i gceann ar bith de shainréimsí acadúla na foirne agus d'fhéadfadh sé go mbeadh comhaltacht taighde ar fáil i gcásanna áirithe.

An Dr Caoilfhionn Nic Pháidín, Fiontar, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Fón: +353 (0)1 700 5173; R-phost: caoilfhionn.nicphaidin@dcu.ie

Seicliosta iarratais

- CV an iarratasóra
- Ráiteas taighde an iarthóra
- Dhá fhoirm le sonraí moltóirí acadúla (agus a gcead faighte agat a n-ainm a lua)
- Bunchéim:tras-scríbhinn na dtorthaí
- Máistreacht:tras-scríbhinn na dtorthaí
- Plean Taighde
- Saothar taighde a rinneadh cheana